Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2009**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 3

*ag measúnú*

## Modúl 6

**[A2H31]**

**DÉ MÁIRT 2 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair rogha **amháin**.
Freagair ceist **1** agus ceist **2**(**a**) nó **2**(**b**) as do **rogha**.
Léirigh go soiléir ar do leabhrán freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don aonad measúnaithe seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha 5 CRÍOCHDHEIGHILT NA HÉIREANN 1900–1925

Freagair ceist **1** agus ceist **2(a)** nó **2(b)**.

**1** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Foinse 1**
Sliocht as *Ulster's Solemn League and Covenant* ó 28 Meán Fómhair 1912. Shínigh a lán Aontachtaithe Uladh é seo mar agóid in éadan an Tríú Bille um Rialtas Dúchais.

> Táimid cinnte dearfa gur tubaiste a bheadh i Rialtas Dúchais le leas ábhartha Uladh agus le leas na hÉireann i gcoitinne. Creidimid go mbainfí dár saoránacht agus go lagófaí aontacht na hImpireachta de bharr Rialtas Dúchais. Ar son na gcúiseanna seo dearbhaímid, fir Uladh, géillsinigh dhílse an Rí, a chuireann múinín iomlán sa Dia a raibh ár n-aithreacha ina thuilleamaí in uair na géarchéime roimhe seo, i gCúnant Sollúnta in am seo an anachain bhagartha ar fad, go seasfaimid an fód le suíomh ansa na saoránachta cothroime sa Ríocht Aontaithe againn a chosaint dúinn féin agus dár bpáistí. Cuirfimid gach deis atá riachtanach i bhfeidhm leis an chomhcheilg reatha chun Parlaimint Rialtas Dúchais a bhunú in Éirinn a chloí. Má bhrúitear a leithéid de Pharlaimint orainn, geallaimid fosta nach dtabharfaimid aon aitheantas don údarás aici.

**Foinse 2**
Sliocht as litir ó Edward Carson, ceannaire na nAontachtaithe Uladh, chuig Andrew Bonar Law, ceannaire ar an Pháirtí Coimeádach, 23 Meán Fómhair 1913. Tá Carson ag trácht ar an dóigh le cur in éadan Rialtas Dúchais.

> Cuireann imeachtaí ar na mallaibh in iúl, i dtaca le holc, go bhfhuil borradh faoin mhian an ghéarchéim seo a réiteach trí "Ulaidh" a fhágáil amach as Rialtas Dúchais. Tá deacracht ann i dtaca le sainmhíniú a thabhairt ar cad é a chiallaíonn "Ulaidh". Tá barúil agam gur chóir Ulaidh ar fad a fhágáil ar lár as Rialtas Dúchais, ach ar a laghad gur chóir na sé chontae de chuid na plandála a chur as an áireamh. D'fhéadfaí cás maith a dhéanamh dó seo. Bheadh deacracht ann maidir le deisceart agus hiarthar na hÉireann i dtaca leis an socrú seo, agus cé nach bhféadfainn aontú lena dtréigean, mothaím gurb é seo an réiteach is fearr mura bhfuil seachaint le déanamh ar Rialtas Dúchais. Tá mé buartha faoin Impireacht agus mothaím go bhfuil sé de dhualgas orainn teacht ar chomhghéilleadh de chineál éigin.


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 3**
Sliocht as rún a ritheadh d'aonghuth ag Comhairle Aontachtaithe Uladh, 12 Meitheamh 1916. Bhí na toscairí ag tacú le moladh go bhfágfaí sé chontae in Ulaidh go buan ar lár as Rialtas Dúchais mar thúsphointe comhrá le Páirtí Parlaiminte na hÉireann, agus David Lloyd George thar cheann Rialtas na Breataine.

> Rinne muid, toscairí Chomhairle Aontachtaithe Uladh thar cheann dhaonra Aontachtaithe Chúige Uladh, machnamh ar an phlean sé chontae in Ulaidh a fhágáil ar lár as Rialtas Dúchais. Déanaimid é seo de thairbhe na géarchéime atá i ndán don Impireacht mar gheall ar an Chogadh Eorpach. Insíonn Sir Edward Carson dúinn go gcreideann an Rialtas go dtreiseofar an Impireacht agus go gcuideofar leis an chogadh a bhaint, ach ceist an Rialtais Dúchais a réiteach. Mar sin de, mothaímid, mar shaoránaigh dhílse, go bhfuil sé de dhualgas orainn íobairtí a dhéanamh sa ghéarchéim seo i stair na hImpireachta.

**(a)** **Léigh Foinsí 1 agus 2**. Mínigh agus cuir i gcomparáid lena chéile dearcadh an Chúnaint agus dearcadh Carson i leith an Tríú Bille um Rialtas Dúchais. [10]

**(b)** **Léigh na Foinsí uile**. Cén fhianaise atá iontu a thabharfadh le fios gur briseadh na hAontachtaithe Uladh, faoi 1916, maidir lena gcur in éadan Rialtas Dúchais? [10]

**(c)** **Léigh na Foinsí uile**. Cén ceann acu ba thábhachtaí ag staraí atá i mbun staidéir ar chur in éadan Aontachtaithe Uladh do Rialtas Dúchais idir 1912 agus 1916? [14]

**2** **Ceachtar acu**

**(a)** "Bua Shinn Féin san Olltoghchán i mí na Nollag 1918, ba iad meancóga Pháirtí Parlaiminte na hÉireann i ndiaidh 1914 go huile is go hiomlán ba chúis leis." Cén fhírinne atá sa tuairim seo? [26]

**Nó**

**(b)** "An sos cogaidh i mí Iúil 1921, b'ionann é agus briseadh polaitiúil agus míleata do Rialtas na Breataine." Cén fhírinne atá sa tuairim seo den dóigh ar tháinig an Cogadh Angla-Éireannach idir 1919–1921 chun deiridh? [26]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers